**RABHADH**

**Ní mór duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2003, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist i Roinn A agus **ceithre** cheist i Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagraí soiléire gonta agus ar chur i láthair slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna a chuirtear ar fáil.

## ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt s(n)a leabha(i)r freagraí agat.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**CUIMHNIGH GO GCAITHFIDH TÚ AN PÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHA(I)R FREAGRAÍ INA MBEIDH NA FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA I ROINN B.**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **<u>sé</u>** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra seo a leanas, sna spásanna a chuirtear ar fáil.

**1.** Sainmhínigh **<u>cáin chúl-chéimnitheach</u>** agus luaigh **DHÁ** shampla den chineál seo cánach.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Sampla 1:** ______________________________

**Sampla 2:** ______________________________

**(16 marc)**

**2.** Luaigh **CEITHRE <u>aidhm eacnamaíoch</u>** rialtais.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(16 marc)**

**3.** Sainmhínigh **<u>Beartas Airgeadaíochta</u>**. Luaigh **DHÁ** bheart a úsáideann Banc Ceannais na hEorpa chun beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm laistigh de thíortha an euro-zóin.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Beart 1:** ______________________________

**Beart 2:** ______________________________

**(16 marc)**

**4.** Sainmhínigh an téarma **'Comhardú na nÍocaíochtaí ar Chuntas Caipitil'**. Luaigh **DHÁ** shampla de mhíreanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Sampla 1**: ______________________________

**Sampla 2:** ______________________________

**(16 marc)**

**5**. Luaigh **TRÍ** chúis eacnamaíochta a bhfuil tábhacht le fiontraithe i bhforbairt gheilleagair.

**(i)** ______________________________


**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 marc)**

**6.** Agus úsáid á baint agat as an léaráid, mínigh an chaoi a bhféadfaidh tionchar a bheith ag ioncaim arda tomhaltóirí (tosca eile gan athrú) ar chuar an éilimh i margadh na bhfón póca in Éirinn.

**<u>Léaráid</u>**




**<u>Míniú</u>**

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**7.** Luaigh **CEITHRE** bhonn tuisceana eacnamaíocha a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar iompraíocht tomhaltóirí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(17 marc)**

**8.** Sainmhínigh **<u>sochair shóisialta</u>** agus luaigh **DHÁ** shampla de shochair shóisialta a d'féadfadh teacht as an íocaíocht a dhéanann Rialtas na hÉireann ar tháillí mac léinn i dtromlach na gcoláistí tríú leibhéal in Éirinn.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Sochar sóisialta 1:** ______________________________

**Sochar sóisialta 2:** ______________________________

**(17 marc)**

**9.** Tá gnólacht ag iarraidh breis oibrithe a mhealladh. Ní mór don ghnólacht, chun líon na bhfostaithe a mhéadú ó 7 go 8, a ráta pá seachtainiúil a mhéadú ó €250 go €300 do gach oibrí. Déan **costas imeallach saothair** an ghnólachta a ríomh. Taispeáin do chuid oibríochtaí.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(17 marc)**

***Cuimhnigh go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ina mbeidh na freagraí ar cheisteanna i Roinn B.***

## ROINN B (300 Marc)

Freagair **CEITHRE** cheist i do leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara na fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** Rianaigh **TRÍ** phríomhghné a bhaineann le margadh olagaplach agus luaigh sampla **AMHÁIN** de mhargadh olagaplach in Éirinn.

*(20 marc)*

**(b)** Agus léaráid shoiléir lipéadaithe **AMHÁIN** mar chúnamh agat:

**(i)** Mínigh an chruth a bheadh ar chuar an éilimh ag gnólacht in olagaplacht.
**(ii)** Mínigh an ghaolmhaireacht atá idir an gcuar éilimh seo agus cuar ioncam imeallach an ghnólachta.
**(iii)** Mínigh riocht chothromaíocht fhadtéarmach an ghnólachta seo.

*(40 marc)*

**(c)** Mínigh **TRÍ** mhodh a bhféadfaidh gnólachtaí i margaí olagaplacha dul i mbun comhcheilge le chéile.

*(15 marc)*

**[75 marc]**

**2.** **(a)** Sainmhínigh **(i)** *praghasleaisteachas an éilimh* agus **(ii)** *trasleaisteachas an éilimh.*
I **ngach** cás, luaigh an fhoirmle lena dtomhastar é.

*(20 marc)*

**(b)** Nuair is é €27 an praghas ar Earra X, is é an cainníocht a éilítear d'Earra Y ná 1,200 aonad. Nuair a thiteann praghas Earra X go €23 (luach Earra Y gan athrú) titeann an chainníocht a éilítear d'Earra Y go dtí 800 aonad.

**(i)** Ag úsáid foirmle *trasleaisteachais an éilimh*, déan trasleaisteachas an éilimh ar Earra Y a ríomh. Taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad.

**(ii)** An ionadach nó comhlántach d'Earra X é Earra Y? Mínigh do rogha.

*(25 marc)*

**(c)** Tá praghasleaisteachais an éilimh seo a leanas ag gnólacht ar dhá earra, Earra X agus Earra Y.

Earra X ….. 2.0 Earra Y ….. 0.5

Cad iad na hathruithe, más ann dóibh, ba chóir don ghnólacht a dhéanamh ar phraghas díolacháin gach ceann de na hearraí chun an t-ioncam iomlán a mhéadú? Mínigh do fhreaga.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**3.** **(a)** **(i)** Luaigh agus mínigh **CEITHRE** thoisc a mbíonn tionchar acu ar sceideal éilimh tomhaltóra, seachas praghas an earra féin.

**(ii)** Mínigh an réasúnaíocht eacnamaíoch atá mar bhonn leis an tuiscint go bhfuil cuar éilimh duine ar ghnáthearra ag claonadh anuas.

*(30 marc)*

**(b)** Ní mór d'earra tréithe áirithe a bheith aige chun go mbreathnófaí air mar earra eacnamaíoch. Luaigh agus mínigh **TRÍ** thréith díobh seo.

*(20 marc)*

**(c)** Caitheann tomhaltóir ioncam iomlán ar dhá earra, Earra A agus Earra B. Gnáthearraí iad an dá earra ach ní earraí comhlántacha iad. Déantar praghas Earra A a laghdú agus fágtar praghas Earra B gan athrú. Leanann an tomhaltóir air ag caitheamh a chuid ioncaim ar fad ar an dá earra.

Déan idirdhealú idir **iarmhairt ó ionadú** agus **éifeacht ioncaim** an íslithe ar phraghas Earra A.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**4.** **(a)** Sainmhínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** Praghas soláthair de thoisc táirgeachta.
**(ii)** Tuillimh aistrithe.
**(iii)** Cíos eacnamaíoch.


*(20 marc)*

**(b)** Tá **Táirgiúlacht Theorannach Ioncaim an tSaothair** (MRP) ar cheann de na príomhthosca a bhfuil tionchar aige ar an éileamh saothair ag gnólacht áirithe.

**(i)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma folínithe.
**(ii)** Pléigh na tosca, seachas an MRP, a bhfuil tionchar acu ar an éileamh saothair ag gnólacht áirithe.

*(30 marc)*

**(c)** Léiríonn an léaráid thíos cuar an tsoláthair saothair do ghnólacht áirithe.




Mínigh an t-éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann díobh seo a leanas ar an gcuar soláthair seo. Léirigh gach freagra le cúnamh léaráide.

**(i)** Roghnaíonn na hoibrithe breis ama a thabhairt i mbun chaitheamh aimsire.

**(ii)** Socraíonn ceardchumann na n-oibrithe ráta íosphá.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** Pléigh na bealaí a bhféadfaidh airgead cabhrú le geilleagar socair a reachtáil.

*(20 marc)*

**(b)** Mínigh na héifeachtaí dóchúla eacnamaíochta i gcás:

**(i)** go bhfásann soláthar an airgid **níos tapúla** ná táirgeacht earraí agus seirbhísí sa tír

**(ii)** go bhfásann soláthar an airgid **níos moille** ná táirgeacht earraí agus seirbhísí sa tír.

*(20 marc)*

**(c)** **(i)** Mínigh an bhrí atá leis an téarma **boilsciú praghsanna**.

**(ii)** Ainmnigh an príomhinnéacs a úsáidtear chun boilsciú praghsanna a thomhas i ngeilleagar na hÉireann.

**(iii)** Rianaigh na torthaí eacnamaíochta a thiochfadh as ardú ar an ráta boilscithe praghsanna in Éirinn.

*(35 marc)*

**[75 marc]**

**6.** **(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas agus taispeáin an ghaolmhaireacht atá idir an dá cheann:

**(i)** Olltáirgeacht Intíre ag Costas Tosca
**(ii)** Olltáirgeacht Náisiúnta ag Praghsanna Margaidh.

*(20 marc)*

**(b)** Rianaigh na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann díobh seo a leanas ar leibhéal an OTN (GNP) ag Praghsanna Margaidh.

**(i)** **ARDÚ** ar leibhéal ginearálta CBL (VAT)
**(ii)** **ÍSLIÚ** ar fhóirdheontais do cheannaitheoirí tithe den chéad uair.

Mínigh do fhreagra i ngach cás.

*(20 marc)*

**(c)** Pléigh na torthaí eacnamaíochta dearfacha **agus** diúltacha a bheadh ar gheilleagar na hÉireann de bharr ísliú ar an leibhéal fáis eacnamaíoch (OTN).

*(35 marc)*

**[75 marc]**

**7.** **(a)** Pléigh na héifeachtaí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar gheilleagar na hÉireann de bharr an ardú ar dhaonra na hÉireann le tamall anuas.

*(25 marc)*

**(b)** Rianaigh na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag ardú ar an leibhéal dífhostaíochta in Éirinn ar:

**(i)** Airgeadas reatha an Rialtais.
**(ii)** Comhardú na nÍocaíochtaí (Cuntas Reatha).
**(iii)** Boilsciú Praghsanna.

*(20 marc)*

**(c)** Tháinig inimirce i réim in áit na leibhéal ard eisimirce le linn tréimhse an 'Tíogair Cheiltigh'.

**(i)** Pléigh **TRÍ** chúis ar athraigh an claonadh ón eisimirce go dtí an inimirce in Éirinn.

**(ii)** Pléigh torthaí eacnamaíocha (dearfacha **agus** diúltacha) do thír ina bhfuil an inimirce ag méadú.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** Mínigh an chaoi a gcothaíonn speisialtóireacht agus roinnt an tsaothair an domhandú/trádáil idirnáisiúnta.

*(20 marc)*

**(b)** Tá sé d'aidhm ag an Eagraíocht Trádála Domhanda (WTO) bacainní trádála idir tíortha a laghdú.

**(i)** Rianaigh **TRÍ** bhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le saorthrádáil.

**(ii)** Mínigh **TRÍ** chúis eacnamaíocha a bheadh ag tír chun bacainní a chur i bhfeidhm ar mhaithe le srianta a chur ar thrádáil.

**(iii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhodh chun srian a chur ar shaorthrádáil.

*(35 marc)*

**(c)** Mhínigh Adam Smith, údar *'The Wealth of Nations'* (1776) na cúiseanna agus na buntáistí a bhaineann le saorthrádáil.

Rianaigh **CEITHRE** réimse eile inar chuir sé leis an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta.

*(20 marc)*

**[75 marc]**

***Cuimhnigh go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ina mbeidh na freagraí ar cheisteanna i Roinn B.***